Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 8 Bealtaine 2026**
**(OR. en)**

**9110/26**

**EF 148**
**ECOFIN 601**
**DELACT 87**

**NÓTA CLÚDAIGH**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 7 Bealtaine 2026 |
| chuig: | Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | C(2026) 2876 final |
| Ábhar: | RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) …/... ÓN gCOIMISIÚN an 7.5.2026 lena leasaítear Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/980 a mhéid a bhaineann le formáid chaighdeánaithe agus seicheamh caighdeánaithe agus inneachar cuíchóirithe, grinnscrúdú agus formheas an réamheolaire |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad C(2026) 2876 final.

---

Faoi iamh: C(2026) 2876 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 7.5.2026
C(2026) 2876 final

**RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) …/... ÓN gCOIMISIÚN**

**an 7.5.2026**

**lena leasaítear Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/980 a mhéid a bhaineann le formáid chaighdeánaithe agus seicheamh caighdeánaithe agus inneachar cuíchóirithe, grinnscrúdú agus formheas an réamheolaire**

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

GA GA

# MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

## 1. COMHTHÉACS AN GHNÍMH THARMLIGTHE

Le Rialachán (AE) 2017/1129 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[1], cruthaíodh sraith rialacha nua comhchuibhithe chun cabhrú le cuideachtaí airgead a thiomsú ar mhargaí caipitil chun infheistíocht agus fás a dhéanamh agus chun cabhrú le hinfheisteoirí cinntí infheistíochta níos eolasaí a dhéanamh. Le Rialachán (AE) 2017/1129 leagtar síos na ceanglais maidir le réamheolaire a ullmhú, a fhormheas agus a fhoilsiú nuair a thairgtear urrúis don phobal nó nuair a ligtear isteach iad chun a dtrádála ar mhargadh rialáilte. Is doiciméad é réamheolaire ina gcuirtear faisnéis ar fáil faoi chuideachta agus faoi na hurrúis a thairgeann sí don phobal nó a bhféachann sí lena ligean isteach chun a dtrádála ar mhargadh rialáilte. Úsáideann infheisteoirí réamheolairí chun cinneadh a dhéanamh maidir le hinfheistíocht a dhéanamh nó gan infheistíocht a dhéanamh.

Mar chuid den Ghníomh um Liostú, tionscnamh a rinneadh le déanaí arb é is aidhm dó éiceachóras liostaithe a chruthú a fhágann go bhfuil sé tarraingteach, inacmhainne agus tairbhiúil do chuideachtaí a n-urrúis a liostú ar mhargaí poiblí an Aontais, leasaíodh Rialachán (AE) 2017/1129 le Rialachán (AE) 2024/2809 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[2] chun costais eisitheoirí a laghdú agus an t-ualach atá orthu a mhaolú agus réamheolairí a dhéanamh níos úsáidí d’infheisteoirí an tráth céanna. Go háirithe, i Rialachán (AE) 2024/2809: (i) rinneadh caighdeánú ar an bhformáid agus ar an seicheamh agus cuíchóiríodh na ceanglais maidir le nochtadh le haghaidh réamheolairí; (ii) leagadh síos teorainn leathanach do réamheolairí le haghaidh scaireanna; (iii) tugadh isteach díolúintí maidir le heisiúintí leantacha urrús ag cuideachtaí atá liostaithe cheana féin; (iv) comhchuibhíodh na rialacha maidir le grinnscrúdú agus formheas réamheolairí ag údaráis inniúla náisiúnta; agus (v) ceadaíodh faisnéis airgeadais amach anseo a chorprú de réir tagairtí i réamheolairí bunaidh. Le Rialachán (AE) 2024/2809, tugadh isteach freisin na cineálacha nua réamheolairí gearrfhoirme seo a leanas: (i) an réamheolaire leantach AE, atá ceaptha le haghaidh tairiscintí poiblí nó ligean isteach chun a dtrádála ag cuideachtaí atá liostaithe cheana ar mhargadh rialáilte nó ar mhargadh fáis FBManna; agus (ii) an réamheolaire eisiúna fáis AE, atá ceaptha chun na costais agus an t-ualach riaracháin a íoslaghdú do FBManna, do chuideachtaí atá liostaithe nó do chuideachtaí atá le liostú ar mhargaí fáis FBManna.

An 19 Márta 2025, d’fhoilsigh an Coimisiún teachtaireacht maidir leis an Aontas Coigiltis agus Infheistíochta[3]. Cuirtear i dtábhacht i gceann de na bearta beartais a mholtar sa teachtaireacht sin gur cheart an Gníomh um Liostú, lena gcuimsítear Rialachán (AE) 2024/2809, a chur chun feidhme le rialacha simplí chun ualaí a íoslaghdú agus leachtacht a fheabhsú, agus ar an gcaoi sin soláthar caipitil do chuideachtaí liostaithe a mhéadú agus

1 Rialachán (AE) 2017/1129 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Meitheamh 2017 maidir leis an réamheolaire atá le foilsiú nuair a thairgtear urrúis don phobal nó nuair a ligtear isteach iad chun a dtrádála ar mhargadh rialáilte, agus lena n-aisghairtear Treoir 2003/71/CE (IO L 168, 30.6.2017, lch. 12. ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2017/1129/oj).

2 Rialachán (AE) 2024/2809 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2024 lena leasaítear Rialacháin (AE) 2017/1129, (AE) Uimh. 596/2014 agus (AE) Uimh. 600/2014 chun margaí caipitil poiblí san Aontas a dhéanamh níos tarraingtí do chuideachtaí agus chun rochtain ar chaipiteal a éascú d’fhiontair bheaga agus mheánmhéide (IO L, 2024/2809, 14.11.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/2809/oj).

3 COM (2025) 124 final. Le fáil ag: https://eur-lex.europa.eu/legal-content/GA/TXT/PDF/?uri=CELEX:52025DC0124.

tarraingteacht mhargaí poiblí an Aontais a fheabhsú[4]. Cloch mhíle atá sa Rialachán seo maidir leis na cuspóirí sin a bhaint amach chomh maith le cuspóirí uileghabhálacha an Ghnímh um Liostú.

Ós rud é gur leagadh amach inneachar laghdaithe, formáid chaighdeánaithe agus seicheamh caighdeánaithe an réamheolaire leantaigh AE agus an réamheolaire eisiúna fáis AE i ngníomh tarmligthe ar leithligh, leasaítear leis an Rialachán seo Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/980 ón gCoimisiún[5] chun na rialacha a leagan amach maidir leis an bpríomh-réamheolaire is infheidhme maidir le gach cineál tairisceana urrús don phobal nó maidir le gach cineál ligin isteach chun trádála ar mhargadh rialáilte (lena n-áirítear le haghaidh tairiscintí tosaigh don phobal nó TTPanna) agus maidir le gach cineál eisitheora agus urrús. Tá sé d'aidhm aige an méid seo a leanas a dhéanamh:

(1) Inneachar an réamheolaire a chuíchóiriú trína ailíniú le leibhéal nochta reatha an réamheolaire fáis AE, a chuaigh in éag an 5 Márta 2026 (agus ar cuireadh an réamheolaire eisiúna fáis AE ina ionad), agus an fhaisnéis a leagtar amach in Iarscríbhinní I, II agus III a ghabhann le Rialachán (AE) 2017/1129, arna leasú le Rialachán (AE) 2024/2809, mar bhonn aige.

(2) Formáid agus seicheamh an réamheolaire a chaighdeánú, agus idirdhealú á dhéanamh idir urrúis chothromais agus urrúis neamhchothromais, agus idir réamheolairí arna dtarraingt suas mar dhoiciméad aonair nó mar dhoiciméid ar leithligh, lena n-áirítear i gcás inarb réamheolaire bunaidh atá sa réamheolaire. Go háirithe, déantar an méid seo a leanas leis an Rialachán seo:

 (a) Tugtar isteach leis formáid níos caighdeánaithe le haghaidh urrúis chothromais, agus ag an am céanna ceadaítear níos mó solúbthachta do chatagóir leathan na n-urrús neamhchothromais. I gcás urrúis neamhchothromais, féadfar formáidí éagsúla réamheolaire a úsáid, amhail réamheolaire bunaidh i gcás ina dtairgtear cláir.

 (b) Ceadaítear leis formáid níos solúbtha a úsáid le haghaidh cineálacha áirithe urrús a bhfuil gnéithe acu atá comhchosúil le hurrúis neamhchothromais (amhail urrúis in-chomhshóite, inmhalartaithe nó dhíorthacha áirithe), cé go gcáilíonn siad mar urrúis chothromais i gcomhréir leis an sainmhíniú a leagtar amach in Airteagal 2(b) de Rialachán (AE) 2017/1129.

 (c) Déantar foráil leis maidir le caighdeánú éifeachtach agus feabhsaítear leis inchomparáideacht na faisnéise ar fud réamheolairí an Aontais le haghaidh TTPanna scaireanna. I ndáil leis sin, tugtar isteach leis an Rialachán seo coincheap réamheolaire TTP de chuid an Aontais: formáid chaighdeánaithe le haghaidh réamheolaire a tharraingítear suas i gcomhréir le córas caighdeánach na réamheolairí a leagtar amach in Airteagal 6 de Rialachán (AE) 2017/1129. Tá an réamheolaire TTP AE le húsáid le haghaidh tairiscint tosaigh don phobal

[4] 'Agus an Gníomh um Liostú á chur chun feidhme ag an gCoimisiún, áiritheoidh sé go mbeidh rialacha an Aontais maidir le liostú, mar a bhunaítear i ngníomhartha tarmligthe agus cur chun feidhme, simplí agus go n-íoslaghdófar ualaí, chun leachtacht agus soláthar caipitil do chuideachtaí liostaithe a mhéadú, rud a fhágfaidh go mbeidh margaí poiblí an Aontais níos tarraingtí'.

[5] Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/980 ón gCoimisiún an 14 Márta 2019 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2017/1129 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le formáid, inneachar, grinnscrúdú agus formheas an réamheolaire atá le foilsiú nuair a thairgtear urrúis don phobal nó nuair a ligtear isteach iad chun a dtrádála ar mhargadh rialáilte, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 809/2004 ón gCoimisiún (IO L 166, 21.6.2019, lch. 26. ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_del/2019/980/oj).

d'aicme scaireanna a ligtear isteach chun a dtrádála ar mhargadh rialáilte den chéad uair. Féadfar é a tharraingt suas mar dhoiciméad aonair, ar bhonn Iarscríbhinn 15 nua a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/980, ina gcomhcheanglaítear i bhformáid aonair an doiciméad clárúcháin agus an fhaisnéis faoin nóta mínithe urrús le haghaidh urrúis chothromais, nó mar dhoiciméid ar leithligh ar bhonn Iarscríbhinní 1 agus 11 a ghabhann leis an Rialachán Tarmligthe sin. Sa dá chás, ní mór ord ranna na nIarscríbhinní sin a leanúint, mura bhfuil feidhm ag aon cheann de na díolúintí a leagtar amach in Airteagal 6(2), an dara fomhír, agus in Airteagal 6(6) de Rialachán (AE) 2017/1129.

(3) Nochtaí a leagan síos maidir le tosca comhshaoil, sóisialta nó rialachais (CSR) mar a cheanglaítear faoi Airteagal 13(1), pointí (f) agus (g), de Rialachán (AE) 2017/1129 sna cásanna seo a leanas: (i) má cheanglaítear ar eisitheoir na n-urrús cothromais tuairisciú inbhuanaitheachta a sholáthar, mar aon leis an tuairim dhearbhaithe ghaolmhar, i gcomhréir le Treoir 2004/109/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[6] agus Treoir 2013/34/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[7]; agus (ii) má dhéantar urrúis neamhchothromais a thairgtear don phobal nó a ligtear isteach chun a dtrádála ar mhargadh rialáilte a fhógairt mar urrúis lena gcuirtear tosca CSR san áireamh nó lena saothraítear cuspóirí CSR. Sa chás deireanach sin, ba cheart na rialacha a bheith simplí agus ba cheart breithniú a dhéanamh iontu ar chásanna inar bannaí glasa Eorpacha (EuGBanna) iad urrúis neamhchothromais, bannaí a mhargaítear mar bhannaí atá inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de nó bannaí atá nasctha le hinbhuanaitheacht agus a eisítear i gcomhréir le Rialachán (AE) 2023/2631 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[8].

(4) Na critéir maidir le grinnscrúdú agus na nósanna imeachta um fhormheas réamheolairí a chuíchóiriú agus a chaighdeánú a thuilleadh trí bhreithniú a dhéanamh ar an méid seo a leanas: (i) na cúinsí ina bhféadfaidh údarás inniúil critéir bhreise a chur i bhfeidhm maidir le grinnscrúdú a dhéanamh ar réamheolaire; (ii) na himthosca faoina bhféadfaidh údarás inniúil faisnéis a éileamh sa bhreis ar an bhfaisnéis sin a cheanglaítear leis na forálacha is infheidhme maidir leis an réamheolaire, leis an réamheolaire leantach AE agus leis an réamheolaire eisiúna fáis AE; agus (iii) an uastréimhse ama fhoriomlán ina bhfuil grinnscrúdú an réamheolaire le críochnú agus cinneadh arna dhéanamh ag an údarás inniúil maidir leis an réamheolaire a fhormheas nó gan é a fhormheas agus an próiseas athbhreithnithe a fhoirceannadh, agus na coinníollacha maidir le maoluithe a d'fhéadfadh a bheith ann ar an tréimhse ama sin.

---

6 Treoir 2004/109/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Nollaig 2004 maidir le comhchuibhiú ceanglas trédhearcachta i ndáil le faisnéis i dtaobh eisitheoirí a ligtear isteach a gcuid urrús chun a dtrádála ar mhargadh rialáilte agus lena leasaítear Treoir 2001/34/CE (IO L 390, 31.12.2004, lch. 38. ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2004/109/oj).

7 Treoir 2013/34/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Meitheamh 2013 maidir le ráitis airgeadais bhliantúla, ráitis airgeadais chomhdhlúite agus tuarascálacha gaolmhara de chineálacha áirithe gnóthas, lena leasaítear Treoir 2006/43/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Treoir 78/660/CEE ón gComhairle agus Treoir 83/349/CEE ón gComhairle (IO L 182, 29.6.2013, lch. 19. ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2013/34/oj).

8 Rialachán (AE) 2023/2631 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 22 Samhain 2023 maidir le Bannaí Glasa Eorpacha agus nochtaí roghnacha le haghaidh bannaí a mhargaítear mar bhannaí atá inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de agus le haghaidh bannaí atá nasctha le hinbhuanaitheacht (IO L, 2023/2631, 30.11.2023, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2023/2631/oj).

Leagtar síos leis an Rialachán seo forálacha bunaithe ar na ceanglais a leagtar amach in Airteagal 9(14), Airteagal 13, míreanna (1) agus (2), Airteagal 20(11) de Rialachán (AE) 2017/1129. Is iomchuí na forálacha sin a chomhcheangal in aon Rialachán amháin, toisc go bhfuil siad nasctha go substaintiúil le chéile toisc go mbaineann siad den chuid is mó le formáid, inneachar agus grinnscrúdú an réamheolaire iomláin, agus go leasaítear leo go léir Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/980.

Ceanglaítear le hAirteagal 13(2) de Rialachán (AE) 2017/1129 ar an gCoimisiún an sceideal a leagan síos lena sainítear an t-íosmhéid faisnéise atá le cur sa doiciméad clárúcháin uilíoch. An doiciméad clárúcháin uilíoch, ar doiciméad ilchuspóireach é is féidir a úsáid le haghaidh tairiscintí don phobal ina dhiaidh sin nó ligean isteach chun a dtrádála ar mhargadh rialáilte i gcás urrúis chothromais nó neamhchothromais araon, tá sé bunaithe ar na nochtaí is infheidhme maidir leis an doiciméad clárúcháin le haghaidh urrúis chothromais mar a leagtar amach in Iarscríbhinn 1 a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/980. Dá bhrí sin, tríd an Iarscríbhinn sin a chuíchóiriú mar a cheanglaítear faoi Airteagal 13(1) de Rialachán (AE) 2017/1129, comhlíonann an Rialachán seo an ceanglas a leagtar amach in Airteagal 13(2) freisin.

## 2. COMHAIRLIÚCHÁIN ROIMH GHLACADH AN GHNÍMH

Ar bhonn na hiarrata ón gCoimisiún ar chomhairle theicniúil, chuir an tÚdarás Eorpach um Urrúis agus Margaí (ESMA) páipéar comhairliúcháin[9] ar fáil agus rinne sé comhairliúchán poiblí maidir le formáid chaighdeánaithe agus seicheamh caighdeánaithe an réamheolaire, a inneachar (lena n-áirítear faisnéis a bhaineann le CSR), an doiciméad clárúcháin uilíoch, agus grinnscrúdú agus formheas an réamheolaire. Bhí an comhairliúchán ar siúl ón 28 Deireadh Fómhair go dtí an 31 Nollaig 2024. An tuarascáil chríochnaitheach dar teideal *Technical advice concerning the Prospectus Regulation and the RTS updating the CDR on metadata* [Comhairle theicniúil a bhaineann leis an Rialachán maidir le Réamheolairí agus na caighdeáin theicniúla rialála lena nuashonraítear an Rialachán Tarmligthe ón gCoimisiún maidir le meiteashonraí][10], foilsíodh agus cuireadh faoi bhráid an Choimisiúin í an 12 Meitheamh 2025.

Chuaigh ESMA i gcomhairle freisin leis an nGrúpa Geallsealbhóirí um Urrúis agus Margaí arna bhunú i gcomhréir le hAirteagal 37 de Rialachán (AE) Uimh. 1095/2010 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[11]. Ba cheart na pointí seo a leanas ón gcomhairliúchán a chur i dtábhacht:

[9] Páipéar Comhairliúcháin i dtaca le dréachtchomhairle theicniúil a bhaineann leis an Rialachán maidir le Réamheolairí agus i dtaca le nuashonrú a dhéanamh ar an Rialachán Tarmligthe ón gCoimisiún maidir le meiteashonraí (ESMA32-117195963-1276), an 28 Deireadh Fómhair 2024, le fáil ag: https://www.esma.europa.eu/sites/default/files/2024-10/ESMA32-117195963-1276_CP_Listing_Act_Advice_-_Prospectus.pdf.

[10] Tuarascáil Chríochnaitheach, *Technical advice concerning the Prospectus Regulation and the RTS updating the CDR on metadata* [Comhairle theicniúil maidir leis an Rialachán Réamheolaire agus na caighdeáin theicniúla rialála lena nuashonraítear an Rialachán Tarmligthe ón gCoimisiún maidir le meiteashonraí] (ESMA32-117195963-1417), an 12 Meitheamh 2025, le fáil ag: https://www.esma.europa.eu/sites/default/files/2025-06/ESMA32-117195963-1417_Final_Report_Listing_Act_Advice_on_Prospectus.pdf

[11] Rialachán (AE) Uimh. 1095/2010 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Samhain 2010 lena mbunaítear Údarás Maoirseachta Eorpach (an tÚdarás Eorpach um Urrúis agus Margaí), lena leasaítear Cinneadh Uimh. 716/2009/CE agus lena n-aisghairtear Cinneadh Uimh. 2009/77/CE ón gCoimisiún (IO L 331, 15.12.2010, lch. 84, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2010/1095/oj).

- D’aontaigh formhór na bhfreagróirí (14 as 18) le ESMA gur cheart ceanglais dhochta nua maidir le formáid agus seicheamh a theorannú do chásanna ina n-úsáidtear na hIarscríbhinní maidir le nochtadh ‘caighdeánach’ cothromais agus neamhchothromais. Is é is aidhm don chur chuige sin deacrachtaí a sheachaint agus doiciméid chasta á n-ullmhú, amhail réamheolairí bunaidh. Rinne an Grúpa Geallsealbhóirí um Urrúis agus Margaí barúil den chineál céanna.
- Níor chuir formhór na bhfreagróirí (13 as 17) in aghaidh an smaoinimh maidir le creat aonair cuíchóirithe um nochtadh neamhchothromais, ar choinníoll go ndéanann sé idirdhealú soiléir idir ceanglais mhórdhíola agus mhiondíola, go háirithe sa nóta mínithe urrús.
- D’fhreagair roinnt freagróirí (5 as 13) don togra chun ráiteas sreabhaidh airgid a éileamh le haghaidh idirbhearta cothromais agus neamhchothromais araon nuair a ullmhaítear faisnéis airgeadais iniúchta trí úsáid a bhaint as caighdeáin chuntasaíochta náisiúnta. Dúirt triúr freagróirí, agus iad ag díriú ar idirbhearta cothromais, go soláthraíonn an ráiteas sreabhaidh airgid faisnéis luachmhar i gcásanna den sórt sin agus gur thacaigh siad lena choinneáil. D’áitigh beirt fhreagróirí, áfach, nár cheart é a bheith éigeantach i gcás urrúis neamhchothromais, agus dúirt siad freisin gur féidir leis idirbhearta neamhchothromais miondíola a dhídhreasú agus nach gá go dtairgeann sé faisnéis ábhartha chun staid airgeadais eisitheora a thuiscint.
- D’aontaigh formhór na bhfreagróirí (10 as 19) le cur chuige ESMA i leith na gceanglas maidir le nochtadh le haghaidh urrúis neamhchothromais a fhógraítear mar urrúis lena gcuirtear tosca CSR san áireamh nó ilena saothraítear cuspóirí CSR. Mar sin féin, bhí imní mhór ann maidir le praiticiúlacht, soiléireacht agus ualach féideartha na gceanglas atá beartaithe.
- D’aontaigh formhór na bhfreagróirí (12 as 19) le hIarscríbhinn CSR a fhágáil gan feidhm le haghaidh EuGBanna; thug an Grúpa Geallsealbhóirí um Urrúis agus Margaí aiseolas den chineál céanna.
- D’áitigh formhór na bhfreagróirí (18 as 20) go simplítear an próiseas agus go laghdaítear costais agus an t-ualach riaracháin trí fhaisnéis ábhartha ó bhileoga eolais maidir le EuGBanna agus ó theimpléid le haghaidh nochtaí réamheisiúna deonacha a ionchorprú i réamheolairí bunaidh trí bhíthin téarmaí críochnaitheacha.
- D’aontaigh formhór na bhfreagróirí (13 as 16) Airteagal 40 maidir le critéir bhreise ghrinnscrúdaithe don réamheolaire a scriosadh.
- Mheas formhór na bhfreagróirí (14 as 21) go raibh an sprioc-am 120 lá oibre chun réamheolairí a fhormheas rófhada agus go bhféadfadh sé a bheith mí-ailínithe le réaltachtaí an mhargaidh, toisc go bhféadfadh sé costais a mhéadú agus rochtain ar an margadh a dhéanamh níos casta. Mhol triúr freagróirí sprioc-am 60 lá oibre le síntí féideartha 15-30 lá oibre, nó 90 lá oibre ar a mhéad (de réir freagróir amháin). Ar deireadh, mhol an Grúpa Geallsealbhóirí um Urrúis agus Margaí an sprioc-am a shocrú ag 90 lá oibre, agus an fhéidearthacht ann síneadh 10 lá oibre a chur leis an sprioc-am.

I gcomhréir le hAirteagal 44(4) de Rialachán (AE) 2017/1129, chuaigh an Coimisiún i gcomhairle le Sainghrúpa an Choiste Eorpaigh um Urrúis ón 12 Feabhra go dtí an 1 Márta 2026 agus fuair sé cúig fhreagra, is é sin freagraí ón Iodáil, ón nGearmáin, ón tSualainn, ó Lucsamburg agus ón bPolainn. Cuireadh formhór na mbarúlacha a tugadh san áireamh sa leagan deiridh den Rialachán seo. Foilsíodh an dréacht-Rialachán Tarmligthe ar an tairseach

‘Cloisimis Uait’ ón 11 Feabhra go dtí an 11 Márta 2026. D’fhreagair dhá pháirtí leasmhara déag (naoi gcomhlachas gnó, beirt shaoránach, cuideachta amháin) an comhairliúchán sin. Bhain na barúlacha a fuarthas le neamhréireachtaí i gcrostagairtí nó in uimhriú na nIarscríbhinní a ghabhann leis an Rialachán seo, le moltaí maidir le tuilleadh laghduithe ar nochtaí, le tograí le haghaidh solúbthacht bhreise i bhformáid chaighdeánaithe agus i seicheamh caighdeánaithe an réamheolaire, chomh maith le leasuithe ar an uastréimhse fhoriomlán chun an réamheolaire a ghrinnscrúdú agus a fhormheas. Cuireadh na barúlacha san áireamh, a mhéid a bhí siad comhsheasmhach le cuspóirí an Ghnímh um Liostú agus leis an gcumhachtú dlíthiúil.

## 3. EILIMINTÍ DLÍ AN GHNÍMH THARMLIGTHE

Leagtar síos le hAirteagal 1 na leasuithe ar Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/980 mar a leanas:

- Le hAirteagal 1(1) tugtar isteach an sainmhíniú ar réamheolaire TTP AE;
- Le hAirteagal 1(2) go 1(11) nuashonraítear tagairtí atá as dáta, go príomha chun tabhairt isteach doiciméid clárúcháin choitinn agus nóta mínithe urrús choitinn le haghaidh urrúis neamhchothromais a léiriú, ar tagairtí iad a tugadh isteach in Airteagail 1(4) agus 1(9), faoi seach;
- Tugtar isteach le hAirteagal 1(12) foráil nua maidir le hurrúis neamhchothromais a fhógraítear mar urrúis lena gcuirtear tosca CSR san áireamh nó lenaa saothraítear cuspóirí CSR, agus foráil nua maidir le himthosca as a n-eascraíonn nochtadh faisnéise breise;
- Leagtar amach in Airteagal 1(13) go 1(16) formáid réamheolaire le haghaidh urrúis chothromais, formáid réamheolaire le haghaidh urrúis neamhchothromais, formáid réamheolaire bunaidh agus liosta na gcrostagairtí;
- Le hAirteagal 1(17) tugtar cothrom le dáta an liosta Iarscríbhinní in Airteagal 26 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/980;
- Le hAirteagal 1(18) agus 1(20) tugtar cothrom le dáta tagairtí d’fhorálacha maidir leis an réamheolaire a ghrinnscrúdú agus a fhormheas, agus le hAirteagal 1(19) scriostar Airteagal 40 maidir le critéir bhreise chun grinnscrúdú a dhéanamh ar iomláine, ar chomhsheasmhacht agus ar shothuigtheacht na faisnéise sa réamheolaire;
- Leagtar amach in Airteagal 1(21) foráil nua lena mbunaítear an amlíne maidir leis an réamheolaire a ghrinnscrúdú agus a fhormheas;
- Leagtar amach in Airteagal 1(22) go 1(41) na hathruithe ar na hIarscríbhinní agus ar an Liosta Iarscríbhinní.

Le hAirteagal 2, leagtar amach dáta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo.

**RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) …/... ÓN gCOIMISIÚN**

**an 7.5.2026**

**lena leasaítear Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/980 a mhéid a bhaineann le formáid chaighdeánaithe agus seicheamh caighdeánaithe agus inneachar cuíchóirithe, grinnscrúdú agus formheas an réamheolaire**

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2017/1129 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Meitheamh 2017 maidir leis an réamheolaire atá le foilsiú nuair a thairgtear urrúis don phobal nó nuair a ligtear isteach iad chun a dtrádála ar mhargadh rialáilte, agus lena n-aisghairtear Treoir 2003/71/CE[12], agus go háirithe Airteagal 9(14), Airteagal 13, míreanna (1) agus (2) agus Airteagal 20(11) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Chun rochtain cuideachtaí ar mhargaí poiblí an Aontais a éascú agus chun leachtacht agus soláthar caipitil do chuideachtaí atá liostaithe cheana féin a fheabhsú, agus ar an gcaoi sin margaí poiblí an Aontais a dhéanamh níos tarraingtí d'infheisteoirí, ba cheart rialacha liostaithe an Aontais a bheith simplí agus ba cheart ualaí riaracháin a theorannú a mhéid is féidir. Ba cheart, dá bhrí sin, na ceanglais maidir le réamheolairí a chuíchóiriú agus a bhunú ar na ceanglais níos éadroime maidir le nochtadh is infheidhme maidir leis an réamheolaire fáis AE, ar réamheolaire é a chuaigh in éag an 5 Márta 2026. Ba cheart na hIarscríbhinní a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/980 ón gCoimisiún[13] a thabhairt cothrom le dáta dá réir sin.

(2) Mar gheall ar an ngá atá le castacht a laghdú agus tacú le heisitheoirí, tairgeoirí nó daoine atá ag iarraidh urrúis a ligean isteach chun a dtrádála ar mhargadh rialáilte agus réamheolaire á tharraingt suas acu, is gá líon na sceideal is gá a laghdú. Ar an gcúis sin, ba cheart doiciméad clárúcháin aonair agus nóta mínithe urrús aonair a leagan amach le haghaidh urrúis neamhchothromais, le teacht in ionad na bhforálacha agus na nIarscríbhinní ar leithligh le haghaidh urrúis neamhchothromais mhiondíola agus mhórdhíola. Chun an t-athrú sin a léiriú, is gá na tagairtí gaolmhara uile sna forálacha agus sna hIarscríbhinní a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/980 a thabhairt cothrom le dáta. Ba cheart an fhaisnéis a áirítear i réamheolaire le haghaidh urrúis neamhchothromais a chur in oiriúint d'eolas agus do shaineolas na n-infheisteoirí a bhfuil réamheolaire den sórt sin dírithe orthu. Tá sé tábhachtach, dá bhrí sin,

12 IO L 168, 30.6.2017, lch. 12, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2017/1129/oj.

13 Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/980 ón gCoimisiún an 14 Márta 2019 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2017/1129 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le formáid, inneachar, grinnscrúdú agus formheas an réamheolaire atá le foilsiú nuair a thairgtear urrúis don phobal nó nuair a ligtear isteach iad chun a dtrádála ar mhargadh rialáilte, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 809/2004 ón gCoimisiún (IO L 166, 21.6.2019, lch. 26, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_del/2019/980/oj).

idirdhealú a dhéanamh sa doiciméad clárúcháin nua agus sa nóta mínithe urrús nua le haghaidh urrúis neamhchothromais idir na cásanna sonracha nach bhfuil feidhm ag nochtaí ach amháin maidir le hinfheisteoirí miondíola agus na cásanna sonracha ina bhfuil nochtaí beartaithe d'infheisteoirí cáilithe. I gcás nach gcuirtear sin in iúl, ba cheart feidhm a bheith ag nochtaí maidir le gach cineál infheisteora.

(3) Cé gur tugadh isteach le Rialachán (AE) 2024/2809 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[14] ceanglais nua maidir le nochtadh a mhéid a bhaineann le tosca agus cuspóirí comhshaoil, sóisialta nó rialachais (CSR), ceanglais atá le sonrú a thuilleadh in Iarscríbhinn nua a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/980, is léir ó aithris 26 den Rialachán sin gur theastaigh ó reachtóir an Aontais forluí le nochtaí a cheanglaítear le reachtaíocht eile de chuid an Aontais a sheachaint freisin. Réamheolairí le haghaidh bannaí glasa Eorpacha, dá dtagraítear in Airteagal 3 de Rialachán (AE) 2023/2631 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[15], bannaí a mhargaítear mar bhannaí atá inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de, mar a shainmhínítear in Airteagal 2, pointe (5), den Rialachán sin, agus bannaí atá nasctha le hinbhuanaitheacht, mar a shainmhínítear in Airteagal 2, pointe (6), den Rialachán sin, meastar cheana féin go gcomhlíonann siad na ceanglais sin maidir le nochtadh ar choinníoll go gcomhlíonann na réamheolairí sin na coinníollacha dá dtagraítear in Airteagal 13(1a), pointe (a), de Rialachán (AE) 2017/1129 i gcás bannaí glasa Eorpacha, nó in Airteagal 13(1a), pointe (b), den Rialachán sin i gcás bannaí a mhargaítear mar bhannaí atá inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de nó bannaí atá nasctha le hinbhuanaitheacht. Dá bhrí sin, ní gá aon cheanglas nua maidir le nochtadh a leagan síos le haghaidh na mbannaí sin.

(4) Mar gheall ar fhorbairtí leanúnacha i margaí urrús, féadfaidh údaráis inniúla iarrataí a fháil ar fhormheas réamheolairí a bhaineann le cineálacha nua urrús a bhfuil gnéithe acu d'urrúis atá inchomparáide le hurrúis a chumhdaítear leis na hIarscríbhinní a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/980, ach nach ionann iad agus na hurrúis sin. Sna cásanna sin, chun go mbeidh solúbthacht ann, agus cosaint leordhóthanach infheisteoirí á coinneáil ar bun an tráth céanna, tá sé tábhachtach a chur ar chumas na n-údarás inniúil a chinneadh, i gcomhairle leis an eisitheoir, leis an tairgeoir nó leis an duine atá ag iarraidh urrúis a ligean isteach chun a dtrádála ar mhargadh rialáilte, an chaoi a ndéanfar na míreanna faisnéise ó dhoiciméad clárúcháin eile, ó nóta mínithe urrús, nó ó fhaisnéis bhreise dá dtagraítear i Roinn 3 de Chaibidil II den Rialachán Tarmligthe sin a áireamh sa réamheolaire; agus, b'fhéidir, an fhaisnéis sin a oiriúnú i gcás cineál urrús, idirbhirt nó eisitheora nach gcumhdaítear leis na hIarscríbhinní a ghabhann leis an Rialachán Tarmligthe sin.

(5) Chun inchomparáideacht na faisnéise i réamheolairí a fheabhsú, gan beann ar an dlínse ina bhformheastar an réamheolaire, ba cheart formáid chaighdeánaithe agus seicheamh caighdeánaithe a chur in oiriúint do na cineálacha éagsúla urrús lena mbaineann an réamheolaire. Chun an chothromaíocht cheart a bhaint amach idir caighdeánú agus

---

14 Rialachán (AE) 2024/2809 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2024 lena leasaítear Rialacháin (AE) 2017/1129, (AE) Uimh. 596/2014 agus (AE) Uimh. 600/2014 chun margaí caipitil poiblí san Aontas a dhéanamh níos tarraingtí do chuideachtaí agus chun rochtain ar chaipiteal a éascú d'fhiontair bheaga agus mheánmhéide (IO L, 2024/2809, 14.11.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/2809/oj).

15 Rialachán (AE) 2023/2631 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 22 Samhain 2023 maidir le Bannaí Glasa Eorpacha agus nochtaí roghnacha le haghaidh bannaí a mhargaítear mar bhannaí atá inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de agus le haghaidh bannaí atá nasctha le hinbhuanaitheacht (IO L, 2023/2631, 30.11.2023, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2023/2631/oj).

solúbthacht, tá sé tábhachtach cineálacha cur chuige ar leith a ghlacadh le haghaidh (i) urrúis chothromais seachas urrúis neamhchothromais, ós rud é go n-áirítear sna hurrúis neamhchothromais cineálacha casta urrús lena n-éilítear cur chuige níos solúbtha, (ii) réamheolairí arna dtarraingt suas mar dhoiciméad aonair, (iii) réamheolairí ina bhfuil doiciméid ar leithligh, agus (iv) réamheolairí bunaidh chun cláir urrús neamhchothromais a thairiscint. Mar sin féin, chun é a chur ar a gcumas d'infheisteoirí rochtain níos éasca a fháil ar fhaisnéis faoi thosca riosca a bhaineann leis an eisitheoir agus leis na hurrúis a thairgtear don phobal nó a ligtear isteach chun a dtrádála, ba cheart an roinn faoi thosca riosca a bheith le feiceáil in áit fheiceálach in aon chineál réamheolaire.

(6) Áirítear sa sainmhíniú ar urrúis chothromais, a leagtar amach in Airteagal 2(b) de Rialachán (AE) 2017/1129, cineálacha simplí urrús, amhail scaireanna, ar cheart réamheolaire lena n-aghaidh a bheith bunaithe ar an bhfaisnéis a leagtar amach in Iarscríbhinní 1 agus 11 a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/980. Áirítear sa sainmhíniú sin freisin cineálacha níos casta urrús, amhail urrúis in-chomhshóite, inmhalartaithe nó dhíorthacha áirithe, ar cheart réamheolaire a chomhlánú ina leith leis an bhfaisnéis a leagtar amach in Iarscríbhinní eile a ghabhann leis an Rialachán sin, lena n-áirítear na hiarscríbhinní sin le haghaidh urrúis neamhchothromais. Ar an gcúis sin, ba cheart caighdeánú na formáide agus an tseichimh a bheith níos suntasaí i gcás réamheolaire le haghaidh urrúis chothromais arna tharraingt suas i gcomhréir le hIarscríbhinní 1 agus 11 a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/980. Thairis sin, chun ullmhú réamheolaire den sórt sin a éascú, nuair a tharraingítear suas é mar dhoiciméad aonair, is iomchuí Iarscríbhinn aonair nua a leagan amach a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/980 ina mbeidh formáid chaighdeánaithe agus seicheamh caighdeánaithe, lena gcomhcheanglaítear an fhaisnéis a leagtar amach in Iarscríbhinní 1 agus 11 a ghabhann leis an Rialachán Tarmligthe sin, mar aon le hachoimre an réamheolaire, i gcomhréir le hAirteagal 7 de Rialachán (AE) 2017/1129. I gcás inarb ábhartha, níor cheart aon fhaisnéis bhreise dá dtagraítear i Roinn 3 de Chaibidil II de Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/980 a bheith faoi réir formáid nó seicheamh caighdeánaithe, toisc go bhféadfadh an fhaisnéis sin a bheith bunaithe ar roinnt Iarscríbhinní a ghabhann leis an Rialachán Tarmligthe sin, ag brath ar chineál na n-urrús lena mbaineann, rud a éilíonn cur chuige níos solúbtha.

(7) Agus aitheantas á thabhairt don ról tábhachtach atá ag tairiscintí tosaigh scaireanna don phobal do mhargaí poiblí an Aontais agus do gheilleagar an Aontais i gcoitinne, tá sé tábhachtach uasleibhéal caighdeánaithe a shainaithint go soiléir agus foráil a dhéanamh maidir leis i gcás réamheolairí le haghaidh tairiscint tosaigh don phobal d'aicme scaireanna a ligtear isteach chun a dtrádála ar mhargadh rialáilte den chéad uair. Dá bhrí sin, ba cheart fochatagóir nua de réamheolairí caighdeánacha le haghaidh TTPanna de chuid an Aontais a thabhairt isteach. Ba cheart réamheolairí TTP AE a tharraingt suas i gcomhréir le córas caighdeánach na réamheolairí a leagtar amach in Airteagal 6 de Rialachán (AE) 2017/1129 agus ba cheart iad a bheith faoi réir formáid chaighdeánaithe agus seicheamh caighdeánaithe, ach amháin má chomhlíonann na réamheolairí na coinníollacha maidir le díolúine a leagtar amach san Airteagal sin. Ba cheart formáid chaighdeánaithe agus seicheamh caighdeanaithe réamheolaire TTP AE a bheith bunaithe (i) ar ord na ranna a leagtar amach in Iarscríbhinn nua le haghaidh réamheolaire maidir le hurrúis chothromais arna tharraingt suas mar dhoiciméad aonair, atá le tabhairt isteach i Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/980, nó (ii) ar ord na ranna a leagtar amach in Iarscríbhinní 1 agus 11 a ghabhann leis an Rialachán Tarmligthe sin, nuair a tharraingítear suas mar dhoiciméid ar leithligh iad.

(8) Áirítear sa sainmhíniú ar urrúis neamhchothromais, a leagtar amach in Airteagal 2(c) de Rialachán (AE) 2017/1129, raon leathan ionstraimí éagsúla, lena n-áirítear ionstraimí casta. Chun an chothromaíocht cheart a áirithiú idir caighdeánú agus éifeachtúlacht agus chun nach gcuirfear ualach iomarcach ar eisitheoirí, ar tháirgeoirí nó ar dhaoine atá ag iarraidh urrúis a ligean isteach chun a dtrádála ar mhargadh rialáilte, níor cheart formáid chaighdeánaithe agus seicheamh caighdeánaithe a cheangal ach amháin i gcás réamheolaire le haghaidh urrúis neamhchothromais arna tharraingt suas mar dhoiciméad aonair, mar is amhlaidh i gcás urrúis neamhchothromais shimplí, amhail bannaí cúpóin sheasta. I gcás den sórt sin, cosúil leis an gcur chuige a ghlactar maidir le hurrúis chothromais, ba cheart an réamheolaire a bheith de réir ord na ranna a leagtar amach in Iarscríbhinn nua, atá le tabhairt isteach i Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/980, a bhaineann le réamheolaire le haghaidh urrúis neamhchothromais arna tharraingt suas mar dhoiciméad aonair a bhfuil formáid chaighdeánaithe agus seicheamh caighdeánaithe aige.

(9) I gcás ina dtarraingeofar suas réamheolaire le haghaidh urrúis chothromais nó neamhchothromais mar dhoiciméid ar leithligh agus ina mbeidh sé le comhlánú leis an bhfaisnéis a leagtar amach in Iarscríbhinní éagsúla a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/980, ba cheart cur chuige solúbtha a cheadú maidir leis an bhformáid agus leis an seicheamh, ionas nach gcruthófar ualach d'eisitheoirí, do tháirgeoirí nó do dhaoine atá ag iarraidh urrúis a ligean isteach chun a dtrádála ar mhargadh rialáilte. Dá bhrí sin, níor cheart feidhm a bheith ag formáid chaighdeánaithe ná ag seicheamh caighdeánaithe ach amháin i gcás ina bhfuil réamheolairí arna dtarraingt suas mar dhoiciméid ar leithligh bunaithe go hiomlán ar an doiciméad clárúcháin agus ar an bhfaisnéis maidir le nótaí mínithe urrús dá dtagraítear in Iarscríbhinní 1 agus 11 a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/980, le haghaidh urrúis chothromais, nó sna hIarscríbhinní comhfhreagracha a ghabhann leis an Rialachán Tarmligthe sin a bhaineann le hurrúis neamhchothromais.

(10) Chun cuspóir éifeachtúlachta réamheolairí bunaidh, ar sciar mór de réamheolairí neamhchothromais iad, a chosaint, ba cheart formáid níos solúbtha a bhunú le haghaidh réamheolairí bunaidh den sórt sin. Ós rud é go bhféadfadh baint a bheith ag réamheolaire bunaidh le heisitheoirí nó eisiúintí aonair nó iolracha, is iomchuí gan breithniú a dhéanamh ar fhormáid chaighdeánaithe agus seicheamh caighdeánaithe ach amháin le haghaidh faisnéis a bhaineann go sonrach le heisitheoir i gcás eisitheoir aonair, nuair a ullmhaítear an réamheolaire mar dhoiciméid ar leithligh, agus solúbthacht á tabhairt ag an am céanna chun an fhaisnéis eile a áireamh sa réamheolaire bunaidh sin. I gcás ina ndéanfar réamheolaire bunaidh a tharraingt suas mar dhoiciméad aonair, féadfaidh an t-eisitheoir, an tairgeoir nó an duine atá ag iarraidh urrúis a ligean isteach chun a dtrádála ar mhargadh rialáilte rogha a dhéanamh, ar mhaithe le simplíocht, an teimpléad le haghaidh réamheolaire le haghaidh urrúis neamhchothromais arna tharraingt suas mar dhoiciméad aonair a úsáid agus solúbthacht maidir leis an bhformáid á coinneáil ag an am céanna.

(11) Chun na hualaí ar eisitheoirí, ar thairgeoirí nó ar dhaoine atá ag iarraidh urrúis a ligean isteach chun a dtrádála ar mhargadh rialáilte a laghdú, is gá cead a thabhairt dóibh siúd a úsáideann réamheolairí bunaidh chun cláir urrús neamhchothromais a thairiscint faisnéis ó na réamheolairí bunaidh sin a chóipeáil nó a chorprú de réir tagairtí, in ord solúbtha nochta, i réamheolairí le haghaidh urrúis neamhchothromais nach réamheolairí bunaidh iad, agus ar an gcaoi sin maolú ar an gceanglas maidir le formáid chaighdeánaithe agus seicheamh caighdeánaithe i gcás ina bhfuil feidhm ag an gceanglas sin.

(12) Ba cheart na ceanglais maidir le formáid chaighdeánaithe agus seicheamh caighdeánaithe a leagtar síos sa Rialachán seo a bheith gan dochar d’Airteagal 6(2), an dara fomhír, agus d’Airteagal 6(6) de Rialachán (AE) 2017/1129.

(13) I ngach cás nach bhfuil feidhm ag an gceanglas maidir le formáid agus seicheamh caighdeánaithe agus nach leanann an t-eisitheoir, an tairgeoir ná an duine atá ag iarraidh urrúis a ligean isteach chun a dtrádála ar mhargadh rialáilte ord na faisnéise a leagtar amach sna hIarscríbhinní ábhartha a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/980, ba cheart don údarás inniúil a fhormheasann an réamheolaire a bheith in ann liosta crostagairtí a iarraidh ina léirítear míreanna na nIarscríbhinní ábhartha, dá gcomhfhreagraíonn an fhaisnéis sin, chun a mheas go héifeachtach an gcomhlíonann an réamheolaire critéir na hiomláine, na sothuigtheachta agus na comhsheasmhachta dá dtagraítear in Airteagail 36 go 38 den Rialachán Tarmligthe sin. I gcás nach n-iarrtar ná nach soláthraítear an liosta sin, ba cheart a léiriú go soiléir ar imeall an dréacht-réamheolaire i dtaobh cén fhaisnéis shonrach a bhfuil gach roinn den réamheolaire ag freagairt di.

(14) Chun feabhas a chur ar chóineasú maoirseachta maidir le grinnscrúdú a dhéanamh ar réamheolairí, ba cheart an fhéidearthacht atá ag údarás inniúil critéir bhreise a úsáid chun grinnscrúdú a dhéanamh ar an réamheolaire a scriosadh, i gcás ina meastar gur gá sin ar mhaithe le cosaint infheisteoirí.

(15) In Airteagal 20 de Rialachán (AE) 2017/1129 tá sprioc-amanna d’údarás inniúil chun fógra a thabhairt don eisitheoir, don tairgeoir nó don duine atá ag iarraidh urrúis a ligean isteach chun a dtrádála ar mhargadh rialáilte faoina chinneadh maidir le formheas an réamheolaire, agus bearta chun aghaidh a thabhairt ar chásanna nach gcomhlíonann an t-údarás inniúil sin na sprioc-amanna sin. Is próiseas atriallach é, áfach, réamheolairí a ghrinnscrúdú agus a fhormheas agus d’fhéadfadh roinnt babhtaí anailíse ar an dréacht-réamheolaire ón údarás inniúil sin a bheith i gceist le cinneadh an údaráis inniúil an dréacht-réamheolaire a fhormheas agus le cur chun feidhme feabhsuithe ina dhiaidh sin ag an eisitheoir, an tairgeoir nó an duine atá ag iarraidh urrúis a ligean isteach chun a dtrádála ar mhargadh rialáilte. Is gá freisin, dá bhrí sin, chun é a chur ar a chumas d’údarás inniúil sprioc-amanna a leagan amach don eisitheoir, don tairgeoir nó don duine atá ag iarraidh urrúis a ligean isteach chun a dtrádála ar mhargadh rialáilte faoinar cheart dóibh, i gcás ina n-éilíonn an t-údarás inniúil sin é, faisnéis fhorlíontach nó dréacht-réamheolaire athbhreithnithe a thíolacadh. Ina theannta sin, is gá an uastréimhse ama fhoriomlán a leagan amach ón tráth a fhaightear an t-iarratas tosaigh ar dhréacht-réamheolaire a fhormheas go dtí an cinneadh an réamheolaire sin a fhormheas nó gan é a fhormheas agus deireadh a chur leis an bpróiseas athbhreithnithe, chomh maith leis na coinníollacha maidir le maoluithe a d’fhéadfadh a bheith ann ar an tréimhse ama sin.

(16) Ba cheart na hIarscríbhinní a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/980 a leasú, i gcás inarb infheidhme, chun tagairtí a thabhairt cothrom le dáta nó a scriosadh chun na hathruithe a tugadh isteach le Rialachán (AE) 2024/2809 a léiriú.

(17) Ba cheart, dá bhrí sin, Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/980 a leasú dá réir sin,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

**Leasuithe ar Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/980**

Leasaítear Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/980 mar a leanas:

(1) in Airteagal 1, cuirtear an pointe (f) seo a leanas isteach:

‘(f) Ciallaíonn “réamheolaire TTP AE” réamheolaire arna tharraingt suas i gcomhréir le hAirteagal 6 de Rialachán (AE) 2017/1129, a bhaineann le tairiscint tosaigh don phobal d’aicme scaireanna a ligtear isteach chun a trádála ar mhargadh rialáilte den chéad uair, dá dtagraítear in Airteagal 21(1), an dara fomhír, den Rialachán sin.’;

(2) in Airteagal 2(2), cuirtear an méid seo a leanas in ionad na foclaíochta réamhráití:

‘De mhaolú ar mhír 1, féadfar doiciméad clárúcháin na n-urrús seo a leanas, i gcás nach scaireanna ná urrúis inaistrithe eile atá coibhéiseach le scaireanna iad na hurrúis sin, a tharraingt suas i gcomhréir le hAirteagal 7a den Rialachán seo:’;

(3) scriostar Airteagal 7 agus Airteagal 8;

(4) cuirtear Airteagal 7a seo a leanas isteach:

‘*Airteagal 7a*

**Doiciméad clárúcháin le haghaidh urrúis neamhchothromais**

1. I gcás urrúis neamhchothromais, beidh an fhaisnéis dá dtagraítear in Iarscríbhinn 7 a ghabhann leis an Rialachán seo sa doiciméad clárúcháin, ach amháin má tharraingítear suas an doiciméad clárúcháin sin i gcomhréir le hAirteagal 9 de Rialachán (AE) 2017/1129, nó má tá an fhaisnéis dá dtagraítear in Iarscríbhinn 1 a ghabhann leis an Rialachán seo ann.

Déanfar tagairt don fhaisnéis dá dtagraítear in Iarscríbhinn 7 a ghabhann leis an Rialachán seo mar cheachtar díobh seo a leanas:

(a) faisnéis atá sonrach ó thaobh mórdhíola de, i gcás ina dtagraíonn an fhaisnéis sin go sonrach d’urrúis neamhchothromais a chomhlíonann aon cheann de na coinníollacha a leagtar amach in Airteagal 7(1), an dara fomhír, pointí (a) nó (b), de Rialachán (AE) 2017/1129; nó

(b) sonrach ó thaobh miondíola de, i gcás ina dtagraíonn an fhaisnéis sin go sonrach d’urrúis neamhchothromais seachas na hurrúis sin dá dtagraítear i bpointe (a) den mhír seo.

2. Ní bheidh feidhm ag mír 1 maidir le réamheolaire arna tharraingt suas i gcomhréir le hAirteagal 14a nó le hAirteagal 15a de Rialachán (AE) 2017/1129.’;

(5) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 10:

‘*Airteagal 10*

**Doiciméad clárúcháin le haghaidh urrúis de bhun sócmhainní**

De mhaolú ar Airteagal 7a, beidh an fhaisnéis dá dtagraítear in Iarscríbhinn 9 i ndoiciméad clárúcháin arna tharraingt suas le haghaidh urrúis de bhun sócmhainní.’;

(6) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 11:

*'Airteagal 11*

**Doiciméad clárúcháin le haghaidh urrúis neamhchothromais arna n-eisiúint ag tríú tíortha nó ag a n-údaráis réigiúnacha agus áitiúla**

De mhaolú ar Airteagal 7a, beidh an fhaisnéis dá dtagraítear in Iarscríbhinn 10 i ndoiciméad clárúcháin arna tharraingt suas le haghaidh urrúis neamhchothromais arna n-eisiúint ag tríú tíortha nó ag a n-údaráis réigiúnacha nó áitiúla.';

(7) in Airteagal 12, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 2:

'2.De mhaolú ar mhír 1, tarraingeofar suas nóta mínithe urrús dá dtagraítear in Airteagail 19(1), 19(2), 20(1) agus 20(2) den Rialachán seo, i gcás nach scaireanna ná urrúis inaistrithe eile atá coibhéiseach le scaireanna iad na hurrúis sin, i gcomhréir le hAirteagal 15a den Rialachán seo.';

(8) scriostar Airteagal 15 agus Airteagal 16;

(9) cuirtear Airteagal 15a seo a leanas isteach:

*'Airteagal 15a*

**Nóta mínithe urrús le haghaidh urrúis neamhchothromais**

1. I gcás urrúis neamhchothromais, beidh an fhaisnéis dá dtagraítear in Iarscríbhinn 14 a ghabhann leis an Rialachán seo sa nóta mínithe urrús.

Déanfar tagairt don fhaisnéis dá dtagraítear in Iarscríbhinn 14 a ghabhann leis an Rialachán seo mar cheachtar díobh seo a leanas:

(a) faisnéis atá sonrach ó thaobh mórdhíola de, i gcás ina dtagraíonn an fhaisnéis sin go sonrach d'urrúis neamhchothromais a chomhlíonann aon cheann de na coinníollacha a leagtar amach in Airteagal 7(1), an dara fomhír, pointí (a) nó (b), de Rialachán (AE) 2017/1129; nó

(b) sonrach ó thaobh miondíola de, i gcás ina dtagraíonn an fhaisnéis sin go sonrach d'urrúis neamhchothromais seachas na hurrúis sin dá dtagraítear i bpointe (a) den mhír seo.

2.Ní bheidh feidhm ag mír 1 maidir le réamheolaire arna tharraingt suas i gcomhréir le hAirteagal 14a nó le hAirteagal 15a de Rialachán (AE) 2017/1129.';

(10) in Airteagal 19(2), cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (a):

'(a) an fhaisnéis dá dtagraítear i mír 3.1 d'Iarscríbhinn 11 maidir leis an eisitheoir sin nó leis an eintiteas sin atá i ngrúpa an eisitheora;';

(11) in Airteagal 23, cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointí (a) agus (b):

'(a) an fhaisnéis dá dtagraítear i Ranna 1 agus 2A d'Iarscríbhinn 22, i gcás ina dtugtar an toiliú d'idirghabhálaí airgeadais sonraithe amháin nó níos mó;

(b) an fhaisnéis dá dtagraítear i Ranna 1 agus 2B d'Iarscríbhinn 22, i gcás ina dtugtar an toiliú do gach idirghabhálaí airgeadais.';

(12) cuirtear na hAirteagail 23a agus 23b seo a leanas isteach:

*'Airteagal 23a*

**Urrúis neamhchothromais a fhógraítear mar urrúis lena gcuirtear tosca CSR san áireamh nó lena saothraítear cuspóirí CSR**

Maidir le hurrúis neamhchothromais a thairgtear don phobal nó a ligtear isteach chun a dtrádála ar mhargadh rialáilte a fhógraítear mar urrúis lena gcuirtear tosca CSR san áireamh nó lena saothraítear cuspóirí CSR, beidh an fhaisnéis bhreise dá dtagraítear in Iarscríbhinn 23 a ghabhann leis an Rialachán seo sa réamheolaire freisin, cé is moite den mhéid seo a leanas:

(a) bannaí glasa Eorpacha dá dtagraítear in Airteagal 3 de Rialachán (AE) 2023/2631 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle*, ar choinníoll go gcomhlíontar na coinníollacha dá dtagraítear in Airteagal 13(1a), pointe (a), de Rialachán (AE) 2017/1129;

(b) bannaí a mhargaítear mar bhannaí atá inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de, mar a shainmhínítear in Airteagal 2, pointe (5), de Rialachán (AE) 2023/2631, ar choinníoll:

(i) gur roghnaigh an t-eisitheoir na teimpléid dheonacha dá dtagraítear in Airteagal 20 den Rialachán sin a úsáid; agus

(ii) go gcomhlíonfar na coinníollacha dá dtagraítear in Airteagal 13(1a), pointe (b), de Rialachán (AE) 2017/1129;

(c) bannaí atá nasctha leis an inbhuanaitheacht, mar a shainmhínítear in Airteagal 2, pointe (6), de Rialachán (AE) 2023/2631, ar choinníoll:

(i) gur roghnaigh an t-eisitheoir na teimpléid dheonacha dá dtagraítear in Airteagal 20 den Rialachán sin a úsáid; agus

(ii)go gcomhlíonfar na coinníollacha dá dtagraítear in Airteagal 13(1a), pointe (b), de Rialachán (AE) 2017/1129.

*Airteagal 23b*

**Imthosca as ar eascair nochtadh faisnéise breise**

De mhaolú ar Airteagail 2 go 23a agus Airteagal 28a go 28d den Rialachán seo, i gcás ina mbaineann réamheolaire, doiciméad clárúcháin, lena n-áirítear doiciméad clárúcháin uilíoch, nó nóta mínithe urrús le hurrúis a bhfuil gnéithe d'urrúis acu atá inchomparáide le hurrúis a chumhdaítear sna hIarscríbhinní a ghabhann leis an Rialachán seo, ach nach ionann iad agus na hurrúis sin, nó i gcás ina mbaineann réamheolaire le cineál urrús, idirbhirt nó eisitheora nach gcumhdaítear leis na hIarscríbhinní sin, cinnfidh an t-údarás inniúil, i gcomhairle leis an eisitheoir, leis an tairgeoir nó leis an duine atá ag iarraidh urrúis a ligean isteach chun a dtrádála ar mhargadh rialáilte, an chaoi a n-áireofar na míreanna faisnéise ó aon doiciméad clárúcháin eile, ó nóta mínithe urrús, nó ó fhaisnéis bhreise dá dtagraítear i Roinn 3 de Chaibidil II den Rialachán seo, sa réamheolaire chun Airteagal 6(1), Airteagal 14a(2) nó Airteagal 15a(2) de Rialachán (AE) 2017/1129 a chomhlíonadh.

---

* Rialachán (AE) 2023/2631 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 22 Samhain 2023 maidir le Bannaí Glasa Eorpacha agus nochtaí roghnacha le haghaidh bannaí a mhargaítear mar bhannaí atá inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de agus le haghaidh bannaí atá nasctha le hinbhuanaitheacht (IO L, 2023/2631, 30.11.2023, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2023/2631/oj).';

(13) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 24:

'*Airteagal 24*

**Formáid réamheolaire le haghaidh urrúis chothromais**

1.Réamheolaire le haghaidh urrúis chothromais a tharraingítear suas mar dhoiciméad aonair, beidh na heilimintí seo a leanas ann a leagtar amach san ord seo a leanas:

(a) clár na n-ábhar;

(b) achoimre, i gcomhréir le hAirteagal 7 de Rialachán (AE) 2017/1129;

(c) na tosca riosca dá dtagraítear in Airteagal 16 de Rialachán (AE) 2017/1129;

(d) aon fhaisnéis eile dá dtagraítear sna hIarscríbhinní a ghabhann leis an Rialachán seo atá le háireamh sa réamheolaire sin.

2. De mhaolú ar mhír 1, i gcás ina bhfuil réamheolaire le haghaidh urrúis chothromais arna tharraingt suas mar dhoiciméad aonair bunaithe ar Iarscríbhinní 1 agus 11 a ghabhann leis an Rialachán seo, agus ar na hIarscríbhinní sin amháin, beidh na heilimintí seo a leanas sa réamheolaire sin a leagtar amach san ord seo a leanas:

(a) clár na n-ábhar;

(b) achoimre, i gcomhréir le hAirteagal 7 de Rialachán (AE) 2017/1129;

(c) na tosca riosca dá dtagraítear in Airteagal 16 de Rialachán (AE) 2017/1129;

(d) an fhaisnéis eile dá dtagraítear in Iarscríbhinn 15 a ghabhann leis an Rialachán seo bunaithe ar ord na ranna a leagtar amach san Iarscríbhinn sin;

(e) i gcás inarb ábhartha, aon fhaisnéis bhreise dá dtagraítear i Roinn 3 de Chaibidil II den Rialachán seo atá le háireamh sa réamheolaire sin.

3. I gcás ina ndéanfar réamheolaire le haghaidh urrúis chothromais a tharraingt suas mar dhoiciméid ar leithligh, beidh sa doiciméad clárúcháin agus sa nóta mínithe urrús na heilimintí seo a leanas a leagtar amach san ord seo a leanas:

(a) clár na n-ábhar;

(b) na tosca riosca dá dtagraítear in Airteagal 16 de Rialachán (AE) 2017/1129;

(c) aon fhaisnéis eile dá dtagraítear sna hIarscríbhinní a ghabhann leis an Rialachán seo atá le háireamh sa doiciméad clárúcháin sin nó sa nóta mínithe urrús sin.

I gcás ina mbeidh doiciméad clárúcháin agus nóta mínithe urrús bunaithe ar Iarscríbhinní 1 agus 11 a ghabhann leis an Rialachán seo, agus ar na hIarscríbhinní sin amháin, is é ord a ranna an t-ord a leagtar amach sna hIarscríbhinní sin, cé is moite de dhoiciméad clárúcháin arna tharraingt suas i bhfoirm doiciméad clárúcháin uilíoch.

4. I gcás ina gcomhlíonann réamheolaire le haghaidh urrúis chothromais na coinníollacha a leagtar amach in Airteagal 1(f) den Rialachán seo, tabharfar réamheolaire TTP AE ar an réamheolaire sin.

Tarraingeofar suas réamheolaire TTP AE ar bhonn ceachtar díobh seo a leanas:

(a) mar dhoiciméad aonair, i gcomhréir le mír 2 den Airteagal seo; nó

(b) mar dhoiciméid ar leithligh, i gcomhréir le mír 3, an dara fomhír, den Airteagal seo.

5. I gcás ina ndéanfar an doiciméad clárúcháin a tharraingt suas i bhfoirm doiciméad clárúcháin uilíoch, féadfaidh an t-eisitheoir na tosca riosca dá dtagraítear i mír 3, pointe (b), a áireamh sa doiciméad clárúcháin uilíoch sin i measc na faisnéise dá dtagraítear i bpointe (c) den mhír sin, ar choinníoll go mbeidh na tosca riosca sin fós inaitheanta mar roinn aonair.

6. I gcás ina n-úsáidfear doiciméad clárúcháin uilíoch chun críocha Airteagal 9(12) de Rialachán (AE) 2017/1129, déanfar an fhaisnéis dá dtagraítear san Airteagal sin a chur i láthair i gcomhréir le Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/815 ón gCoimisiún[*].

---

[*] Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/815 ón gCoimisiún an 17 Nollaig 2018 lena bhforlíontar Treoir 2004/109/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le caighdeáin theicniúla rialála maidir le sonraíocht formáide tuairiscithe leictreonaí aonair (IO L 143, 29.5.2019, lch. 1. ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_del/2019/815/oj).';

(14) cuirtear Airteagal 24a seo a leanas isteach:

'*Airteagal 24a*

**Formáid réamheolaire le haghaidh urrúis neamhchothromais**

1. Réamheolaire le haghaidh urrúis neamhchothromais a tharraingítear suas mar dhoiciméad aonair, beidh na heilimintí seo a leanas ann a leagtar amach san ord seo a leanas:

(a) clár na n-ábhar;

(b) achoimre, i gcás ina gceanglaítear sin le hAirteagal 7(1) de Rialachán (AE) 2017/1129;

(c) na tosca riosca dá dtagraítear in Airteagal 16 de Rialachán (AE) 2017/1129;

(d) aon fhaisnéis eile dá dtagraítear sna hIarscríbhinní a ghabhann leis an Rialachán seo atá le háireamh sa réamheolaire sin.

2. De mhaolú ar mhír 1, i gcás ina bhfuil réamheolaire le haghaidh urrúis neamhchothromais arna tharraingt suas mar dhoiciméad aonair bunaithe ar Iarscríbhinní 7 agus 14 a ghabhann leis an Rialachán seo, agus ar na hIarscríbhinní sin amháin, beidh na heilimintí seo a leanas sa réamheolaire sin a leagtar amach san ord seo a leanas:

(a) clár na n-ábhar;

(b) achoimre, i gcás ina gceanglaítear sin le hAirteagal 7(1) de Rialachán (AE) 2017/1129;

(c) na tosca riosca dá dtagraítear in Airteagal 16 de Rialachán (AE) 2017/1129;

(d) an fhaisnéis eile dá dtagraítear in Iarscríbhinn 16 a ghabhann leis an Rialachán seo bunaithe ar ord na ranna a leagtar amach san Iarscríbhinn sin.

3. I gcás ina ndéanfar réamheolaire le haghaidh urrúis neamhchothromais a tharraingt suas mar dhoiciméid ar leithligh, beidh sa doiciméad clárúcháin agus sa nóta mínithe urrús na heilimintí seo a leanas a leagtar amach san ord seo a leanas:

(a) clár na n-ábhar;

(b) na tosca riosca dá dtagraítear in Airteagal 16 de Rialachán (AE) 2017/1129;

(c) aon fhaisnéis eile dá dtagraítear sna hIarscríbhinní a ghabhann leis an Rialachán seo atá le háireamh sa doiciméad clárúcháin sin nó sa nóta mínithe urrús sin.

I gcás ina mbeidh doiciméad clárúcháin agus nóta mínithe urrús bunaithe ar Iarscríbhinní 7 agus 14 a ghabhann leis an Rialachán seo, agus ar na hIarscríbhinní sin amháin, is é ord a ranna an t-ord a leagtar amach sna hIarscríbhinní sin, cé is moite de dhoiciméad clárúcháin arna tharraingt suas i bhfoirm doiciméad clárúcháin uilíoch.

4. I gcás ina ndéanfar an doiciméad clárúcháin a tharraingt suas i bhfoirm doiciméad clárúcháin uilíoch, féadfaidh an t-eisitheoir na tosca riosca dá dtagraítear i mír 3, pointe (b), a áireamh san fhaisnéis dá dtagraítear i bpointe (c) den mhír sin, ar choinníoll go mbeidh na tosca riosca sin fós inaitheanta mar roinn aonair.

5. I gcás ina n-úsáidfear doiciméad clárúcháin uilíoch chun críocha Airteagal 9(12) de Rialachán (AE) 2017/1129, déanfar an fhaisnéis dá dtagraítear san Airteagal sin a chur i láthair i gcomhréir le Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/815 ón gCoimisiún.

6. I gcás ina n-úsáidtear an fhaisnéis atá i réamheolaire bunaidh arna fhormheas ag an údarás inniúil chun réamheolaire a ullmhú le haghaidh urrúis neamhchothromais nach réamheolaire bunaidh iad, ní bheidh feidhm maidir leis an bhfaisnéis sin ag an gceanglas ord na ranna dá dtagraítear i mír 2, pointe (d) agus mír 3, an dara fomhír, a leanúint.';

(15) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 25:

'*Airteagal 25*

**Formáid réamheolaire bunaidh**

1. I réamheolaire bunaidh arna tharraingt suas mar dhoiciméad aonair, beidh na heilimintí seo a leanas ann a leagtar amach san ord seo a leanas:

(a) clár na n-ábhar;

(b) tuairisc ghinearálta ar an gclár tairisceana;

(c) na tosca riosca dá dtagraítear in Airteagal 16 de Rialachán (AE) 2017/1129;

(d) aon fhaisnéis eile dá dtagraítear sna hIarscríbhinní a ghabhann leis an Rialachán seo atá le háireamh sa réamheolaire bunaidh.

2. I gcás ina ndéanfar réamheolaire bunaidh a tharraingt suas mar dhoiciméid ar leithligh, beidh sa doiciméad clárúcháin agus sa nóta mínithe urrús na heilimintí seo a leanas a leagtar amach san ord seo a leanas:

(a) clár na n-ábhar;

(b) sa nóta mínithe urrús, tuairisc ghinearálta ar an gclár tairisceana;

(c) na tosca riosca dá dtagraítear in Airteagal 16 de Rialachán (AE) 2017/1129;

(d) aon fhaisnéis eile dá dtagraítear sna hIarscríbhinní a ghabhann leis an Rialachán seo atá le háireamh sa doiciméad clárúcháin agus sa nóta mínithe urrús.

I gcás ina bhfuil doiciméad clárúcháin bunaithe ar Iarscríbhinn 7 a ghabhann leis an Rialachán seo agus nach mbaineann sé ach le heisitheoir aonair, déanfar ord a ranna a chinneadh leis an Iarscríbhinn sin, cé is moite de dhoiciméad clárúcháin arna tharraingt suas i bhfoirm doiciméad clárúcháin uilíoch.

3. Féadfaidh eisitheoir, tairgeoir nó duine atá ag iarraidh urrúis a ligean isteach chun a dtrádála ar mhargadh rialáilte dhá réamheolaire bhunaidh nó níos mó a thiomsú in aon doiciméad amháin.

4. I gcás ina ndéanfar an doiciméad clárúcháin a tharraingt suas i bhfoirm doiciméad clárúcháin uilíoch, féadfaidh an t-eisitheoir na tosca riosca dá dtagraítear i mír 2, pointe (c), a áireamh san fhaisnéis dá dtagraítear i bpointe (d) den mhír sin, ar choinníoll go mbeidh na tosca riosca sin fós inaitheanta mar roinn aonair.

5. I gcás ina n-úsáidfear doiciméad clárúcháin uilíoch chun críocha Airteagal 9(12) de Rialachán (AE) 2017/1129, déanfar an fhaisnéis dá dtagraítear san Airteagal sin a chur i láthair i gcomhréir le Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/815 ón gCoimisiún.';

(16) cuirtear Airteagal 25a seo a leanas isteach:

'*Airteagal 25a*

**Liosta crostagairtí**

1. I réamheolaire le haghaidh urrúis chothromais nó neamhchothromais, dá dtagraítear in Airteagail 24, 24a agus 25, i gcás nach bhfuil feidhm ag an gceanglas maidir le formáid chaighdeánaithe agus seicheamh caighdeánaithe agus nach leanann an t-eisitheoir, an tairgeoir ná an duine atá ag iarraidh urrúis a ligean isteach chun a dtrádála ar mhargadh rialáilte ord na faisnéise a leagtar amach sna hIarscríbhinní ábhartha, arna iarraidh sin dá údarás inniúil, déanfaidh an t-eisitheoir, an tairgeoir nó an duine atá ag iarraidh urrúis a ligean isteach chun a dtrádála ar mhargadh rialáilte liosta crostagairtí a sholáthar dó ina léireofar míreanna na nIarscríbhinní ábhartha dá gcomhfhreagraíonn an fhaisnéis sin.

2. Sa liosta crostagairtí dá dtagraítear i mír 1, sainaithneofar aon mhír a leagtar amach sna hIarscríbhinní ábhartha nár áiríodh sa dréacht-réamheolaire de bharr chineál an eisitheora, na n-urrús, na tairisceana nó an ligin isteach chun trádála.

3. I gcás nach n-iarrann t-údarás inniúil liosta crostagairtí ná nach ndéanann an t-eisitheoir, an tairgeoir, nó an duine atá ag iarraidh urrúis a ligean isteach chun a dtrádála ar mhargadh rialáilte liosta crostagairtí a chur isteach, déanfaidh an t-eisitheoir, an tairgeoir, nó an duine atá ag iarraidh urrúis a ligean isteach chun a dtrádála ar mhargadh rialáilte, an fhaisnéis sa dréacht-réamheolaire nó sa réamheolaire bunaidh dá gcomhfhreagraíonn na míreanna ábhartha a leagtar amach sna hIarscríbhinní a chur in iúl ar imeall an dréacht-réamheolaire nó an réamheolaire bunaidh.';

(17) in Airteagal 26, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhíreanna 1 go 3:

'1. Déanfar an fhaisnéis dá ngairtear 'Catagóir A' in Iarscríbhinní 14, 16 go 19, 22, 23, 31, 33 agus 35 a ghabhann leis an Rialachán seo a chur san áireamh sa réamheolaire bunaidh.

2. Déanfar an fhaisnéis dá ngairtear 'Catagóir B' in Iarscríbhinní 14, 16 go 19, 22, 23, 31, 33 agus 35 a ghabhann leis an Rialachán seo a chur san áireamh sa réamheolaire bunaidh cé is moite de mhionsonraí na faisnéise sin nach raibh eolas uirthi tráth a formheasadh an réamheolaire bunaidh sin. Cuirfear na mionsonraí sin isteach sna téarmaí críochnaitheacha.

3. Cuirfear an fhaisnéis dá ngairtear 'Catagóir C' in Iarscríbhinní 14, 16 go 19, 22, 23, 31, 33 agus 35 a ghabhann leis an Rialachán seo isteach sna téarmaí críochnaitheacha, ach amháin má tá eolas uirthi tráth formheasta an réamheolaire bhunaidh, agus sa chás sin féadfar í a chur isteach sa réamheolaire bunaidh sin ina ionad sin.';

(18) in Airteagal 37, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 2:

'2. Chun críoch mhír 1, féadfaidh údaráis inniúla, de réir an cháis agus sa bhreis ar an bhfaisnéis dá dtagraítear in Airteagal 7 de Rialachán (AE) 2017/1129, a cheangal go n-áireofar faisnéis áirithe a sholáthraítear sa dréacht-réamheolaire san achoimre.';

(19) Scriostar Airteagal 40;

(20) leasaítear Airteagal 42 mar a leanas:

(a) i mír 2, cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (a):

'(a) liosta na gcrostagairtí, arna iarraidh sin don údarás inniúil i gcomhréir le hAirteagail 25a agus 28k den Rialachán seo, nó nuair a chuirtear isteach é ar thionscnamh an údaráis féin;';

(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 3:

'3. I gcás ina bhfuil doiciméad clárúcháin uilíoch a comhdaíodh gan formheas roimh ré anótáilte san imeall i gcomhréir le hAirteagal 25a(3), beidh leagan comhionann ag gabháil leis nach bhfuil anótáilte san imeall.';

(21) cuirtear Airteagal 45a seo a leanas isteach:

'*Airteagal 45a*

**Amlíne chun réamheolaire a fhormheas**

1. Údarás inniúil a chuireann in iúl d'eisitheoir, do thairgeoir nó don duine atá ag iarraidh urrúis a ligean isteach chun a dtrádála ar mhargadh rialáilte nach gcomhlíonann dréacht-réamheolaire na caighdeáin maidir le hiomláine, sothuigtheacht agus comhsheasmhacht is gá chun é a fhormheas, nó

go bhféadfaidh iarrataí ar athruithe nó ar fhaisnéis fhorlíontach a chinneadh cé acu a dhéanfar nó nach ndéanfar sprioc-am a fhorchur ar an eisitheoir, ar an tairgeoir nó ar an duine sin atá ag iarraidh urrúis a ligean isteach chun a dtrádála ar mhargadh rialáilte dréacht-réamheolaire nuashonraithe a thíolacadh.

I gcás ina gcinnfidh an t-údarás inniúil sprioc-am dá dtagraítear sa chéad fhomhír a fhorchur, tabharfaidh an t-údarás inniúil sin 10 lá oibre ar a laghad don eisitheoir, don tairgeoir nó don duine sin atá ag iarraidh urrúis a ligean isteach chun a dtrádála ar mhargadh rialáilte chun dréacht-réamheolaire nuashonraithe a thíolacadh. I gcás nach bhfuil dréacht-réamheolaire nuashonraithe curtha isteach ag an eisitheoir, ag an tairgeoir nó ag an duine atá ag iarraidh urrúis a ligean isteach chun a dtrádála ar mhargadh rialáilte laistigh den sprioc-am sin, féadfaidh an t-údarás inniúil formheas an réamheolaire a dhiúltú.

Féadfar síneadh suas le 10 lá oibre a chur leis an sprioc-am a leagtar amach sa dara fomhír, ar choinníoll go n-iarrann an t-eisitheoir, an tairgeoir nó an duine atá ag iarraidh urrúis a ligean isteach chun a dtrádála ar mhargadh rialáilte an síneadh sin i scríbhinn ar an údarás inniúil.

2. De bhun Airteagal 20(11), pointe (c) de Rialachán (AE) 2017/1129, agus gan dochar d'Airteagal 20, míreanna 2, 3, 4, 6 agus 6a, den Rialachán sin, agus do mhír 1 den Airteagal seo, cinnfidh údarás inniúil laistigh de 90 lá oibre ón iarratas tosaigh ar fhormheas dréacht-réamheolaire a fháil cé acu a dhéanfaidh sé an réamheolaire sin a fhormheas nó nach ndéanfaidh. I gcás ina dtéann grinnscrúdú réamheolaire thar an tréimhse ama sin, scoirfidh an t-údarás inniúil den réamheolaire a athbhreithniú gan é a fhormheas, agus tabharfaidh sé fógra dá réir sin don eisitheoir, don tairgeoir nó don duine atá ag iarraidh urrúis a ligean isteach chun a dtrádála ar mhargadh rialáilte.

3. De mhaolú ar mhír 2, 100 lá oibre a bheidh san amlíne dá dtagraítear sa mhír sin i gcás ina ndéantar an dréacht-réamheolaire a thíolacadh lena fhormheas ag FBM.

4. Cuirfear síneadh suas le 30 lá oibre leis na sprioc-amanna a leagtar amach i míreanna 2 agus 3, ar choinníoll go n-iarrann an t-eisitheoir, an tairgeoir nó an duine atá ag iarraidh urrúis a ligean isteach chun a dtrádála ar mhargadh rialáilte an síneadh sin i scríbhinn ar an údarás inniúil.

5. I gcás ina bhfuil doiciméid ar leithligh i réamheolaire, tosóidh na tréimhsí dá dtagraítear i míreanna 2 agus 3 tráth a fhaightear an t-iarratas tosaigh ar dhréachtnóta mínithe urrús a fhormheas.

6. Ní bheidh feidhm ag míreanna 1 go 5 maidir le doiciméad clárúcháin uilíoch a tharraingeofar suas i gcomhréir le hAirteagal 9 de Rialachán (AE) 2017/1129.';

(22) leasaítear an "Liosta Iarscríbhinní" i gcomhréir le hIarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán seo;

(23) Cuirtear an téacs in Iarscríbhinn II a ghabhann leis an Rialachán seo in ionad Iarscríbhinn 1 a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/980;

(24) Leasaítear Iarscríbhinn 2 a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/980 i gcomhréir le hIarscríbhinn III a ghabhann leis an Rialachán seo;

(25) Leasaítear Iarscríbhinn 4 a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/980 i gcomhréir le hIarscríbhinn IV a ghabhann leis an Rialachán seo;

(26) Cuirtear an téacs in Iarscríbhinn V a ghabhann leis an Rialachán seo in ionad Iarscríbhinn 5 a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/980;

(27) Scriostar Iarscríbhinn 6 a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/980;

(28) Cuirtear an téacs in Iarscríbhinn VI a ghabhann leis an Rialachán seo in ionad Iarscríbhinn 7 a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/980;

(29) Leasaítear Iarscríbhinn 9 a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/980 i gcomhréir le hIarscríbhinn VII a ghabhann leis an Rialachán seo;

(30) Leasaítear Iarscríbhinn 10 a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/980 i gcomhréir le hIarscríbhinn VIII a ghabhann leis an Rialachán seo;

(31) Cuirtear an téacs in Iarscríbhinn IX a ghabhann leis an Rialachán seo in ionad Iarscríbhinn 11 a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/980;

(32) Leasaítear Iarscríbhinn 13 a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/980 i gcomhréir le hIarscríbhinn X a ghabhann leis an Rialachán seo;

(33) Cuirtear an téacs in Iarscríbhinn XI a ghabhann leis an Rialachán seo in ionad Iarscríbhinn 14 a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/980;

(34) Cuirtear an téacs in Iarscríbhinn XII a ghabhann leis an Rialachán seo in ionad Iarscríbhinn 15 a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/980;

(35) cuirtear an téacs in Iarscríbhinn XIII a ghabhann leis an Rialachán seo isteach mar Iarscríbhinn 16 a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/980;

(36) Leasaítear Iarscríbhinn 17 a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/980 i gcomhréir le hIarscríbhinn XIV a ghabhann leis an Rialachán seo;

(37) Leasaítear Iarscríbhinn 18 a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/980 i gcomhréir le hIarscríbhinn XV a ghabhann leis an Rialachán seo;

(38) Leasaítear Iarscríbhinn 19 a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/980 i gcomhréir le hIarscríbhinn XVI a ghabhann leis an Rialachán seo;

(39) Leasaítear Iarscríbhinn 28 a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/980 i gcomhréir le hIarscríbhinn XVII a ghabhann leis an Rialachán seo;

(40) cuirtear an téacs in Iarscríbhinn XVIII a ghabhann leis an Rialachán seo isteach mar Iarscríbhinn 23 a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/980.

*Airteagal 2*

**Teacht i bhfeidhm**

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an tríú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh.*

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 7.5.2026

*Thar ceann an Choimisiúin*
*An tUachtarán*
*Ursula VON DER LEYEN*